# Nóta Treorach
# maidir le líníochtaí CAD a chur ar fáil
# i dtaca le Forbairtí Bonneagair Straitéisigh
# agus Forbairtí Straitéiseacha Tithíochta

**Teil** (01) 858 8100 **Tel**
Glao Áitiúil 1890 275 175 LoCall

64 Sráid Mhaoilbhríde **Láithreán Gréasáin** www.pleanala.ie **Web** 64 Marlborough Street
Baile Átha Cliath 1 **Ríomhphost** planningcommissioners@pleanala.ie **Email** Dublin 1

## 1. I dtaobh na Nótaí Treoracha seo

Ullmhaíodh na nótaí treoracha seo mar chabhair d'iarratasóirí agus iad ag cur líníochtaí CAD isteach chuig an gCoimisiún Pleanála. i gcás iarratais ar Fhorbairt Bonneagair Straitéisigh agus Forbairt Straitéiseach Tithíochta.

## 2. Réamhrá

Chun cabhrú leis an gCoimisiún Pleanála taifead d'iarratais ar Fhorbairt Bonneagair Straitéisigh agus Forbairt Straitéiseacha a choimeád i bhformáid sonraí spásúla, iarrtar ar iarratasóirí teorainn an tsuímh nó achar an tsuímh a chur ar fáil i bhfoirm cruthchomhad ERSI i gcóras tagartha comhordanáidí Trasteilgean Mercator na hÉireann (ITM IRNET95) lena úsáid i mBogearraí Faisnéise Geografacha.

## 3. Foramharc ar na Sonraí Riachtanacha

Iarrtar ar iarratasóirí cruthchomhad ESRI a chur isteach leis an iarratas, ar a dtaispeánfar na nithe seo a leanas i dTrasteilgean Mercator na hÉireann (ITM):

- Teorainn an tsuímh is ábhar don iarratas

## 4. Formáid Sonraí agus Coinbhinsiúin

### 4.1. Formáid Sonraí


Ba chóir do na sonraí spásúla a chuirfear isteach a bheith de réir na formáide seo a leanas agus a bheith inléite ag ESRI ArcMAP leagan 11.3 nó ArcPro leagan 3.4.

Cruthchomhad ESRI zipeáilte


### 4.2. An coinbhinsiún d'ainmniú an chomhaid

Ba chóir go gcloífeadh na sonraí spásúla a chuirtear isteach leis an struchtúr comhadlainne/comhaid thíos, a thaispeántar i bhfigiúr 1 ar leathanach 2 agus i bhfigiúr 2 ar leathanach 3.

I bhfigiúr 1 agus figiúr 2, is é ABP-300001-25 uimhir an cháis shamplaigh. Moltar gan fleiscíní a úsáid in uimhir an cháis, agus comhaid nó comhadlanna á n-ainmniú.





**Figiúr 1. A bhfuil sa chruthchomhad zipeáilte nuair a fhéachtar air in Windows Explorer. Is é ABP-300001-25 an chás-uimhir samplach.**




**Figiúr 2. A bhfuil sa chruthchomhad zipeáilte nuair a fhéachtar air in Windows Explorer. Is é ABP-300001-25 an chás-uimhir samplach.**

Féach, le do thoil, gur grúpa comhad é an cruthchomhad, a bhfuil ceithre chomhad ar a laghad ann -- .dbf., prj., shp., agus .shx, mar a thaispeántar i bhFigiúr 2. Gheofar tuilleadh eolais ar chruthchomhaid ag https://wiki.openstreetmap.org/wiki/Shapefiles (osclaíodh é an 6ú Feabhra 2018).




**Figiúr 3. Struchtúr na comhadlainne/an chomhaid nuair a fhéachtar air in ArcPRO. NÓTA, baineadh an zip den bhfillteán sular féachadh air in ArcPRO. Is é ABP-300001-25 an chás-uimhir samplach.**

## 5. Paraiméadair spásúla

Ní mór do na paraiméadair seo a leanas, atá in úsáid ag an gCoimisiún Pleanála faoi láthair, a úsáid i gcás gach sonraí spásúla a chuirtear isteach.

### 5.1. Córas na gcomhordanáidí comhthreomhara

Ainm beartaithe an chórais chomhordanáidí: Irish Transverse Mercator ITM /Trasteilgean Mercator na hÉireann (IRENET95)

## 6. Sonraí GIS a chur isteach

Ba chóir an líníocht CAD a chur isteach ar CD-ROM ar leithligh. Ba chóir lipéad digiteach le hUimhir Thagartha an Choimisiúin Phleanála, más eol, nó Uimhir Thagartha Comhairliúcháin Réamhiarratais an Choimisiúin Phleanála, más eol, teideal an tionscadail agus dáta an chuir isteach a bheith ar an CD-ROM i bhformáid bbbbmmll.

## 7. Cáilíocht na Sonraí

### 7.1. Rialacha Toipeolaíocha

Gheofar thíos na rialacha toipeolaíocha atá i bhfeidhm. Ní féidir leis na sonraí a chuirtear isteach na rialacha toipeolaíocha seo a shárú.

Ba chóir teorainn an tsuímh a chuimsiú i bpolagán. Níor chóir aon fhorluí nó trasnú a bheith le feiceáil ar an bpolagán

### 7.2. Iomláine

Ní mór gach aitreabúid éigeantach sa chruthchomhad a nuashonrú. Féach roinn 8 do liosta de na réimsí éigeantacha.

## 8. Sonrú na Sonraí

Seo a leanas sonraí na sonraí atá le cur isteach:


### 8.1. Ullmhú an Chruthchomhaid ESRI

Ba chóir na réimsí seo a leanas a bheith sa chruthchomhad ESRI:

| Ainm an Réimse | Dáta Cineál | Luach Réimse | Cur Síos |
|---|---|---|---|
| FID | ID oibiachta | Réamhshocrú | ID oibiachta a cruthaíodh go huathoibríoch le réamhshocrú. |
| Cruth | Céimseata | Polagán | Féach Nótaí 1, 2 agus 3 ar leathanaigh 4 agus 5. |
| ABPCASEID | Téacs | ABP-XXXXXX-25 | Uimhir thagartha an Choimisiúin Phleanála, más eol, m.sh. **ABP-300001-25**. Murab eol Uimhir Thagartha an Choimisiúin Phleanála, fág an réimse seo bán agus líonfaidh an Coimisiún Pleanála isteach é. |
| PREAPPCONS | Téacs | ABP-XXXXXX-25 | Uimhir Thagartha Comhairliúcháin Réamhiarratais an Choimisiúin Phleanála m.sh. **ABP-300001-25**. Ní mór don iarratasóir an réimse seo a líonadh isteach i gcás ina bhfuil Uimhir Thagartha Comhairliúcháin Réamhiarratais ar fáil. |


Nótaí:

1. I gcás ina bhfuil an suíomh is ábhar don iarratas laistigh de dháileacht amháin talún, ba chóir teorainn an tsuímh a thaispeáint i bhfoirm polagáin ina imlínítear an suíomh faoi mar a d’fheicfí é i bpictiúr ón aer. Ba chóir go mbeadh an imlíne bunaithe ar imeall seachtrach an tsuímh is ábhar don iarratas, mar a thaispeántar sa sampla thíos ag pointí 1, 2, 3 agus 4.





**Radharc ón aer ar theorainn an tsuímh is ábhar don iarratas**

2. I gcás ina bhfuil an suíomh is ábhar don iarratas suite laistigh de dhá dháileacht ar leith talún nach bhfuil cóngarach dá chéile ba chóir polagán ilpháirte a úsáid chun léaráid imlíneach a thabhairt den suíomh. Ba chóir polagán aonair ilpháirte a úsáid chun imlíne nó teorainn an tsuímh a thaispeáint agus gach teorainn den suíomh a bheith le feiceáil faoi mar a d’fheicfí é i bpictiúr ón aer. Ba chóir go mbeadh an ímlíne ar aon dul le himeall gach dáileachta talún atá mar chuid den suíomh is ábhar don iarratas, mar a thaispeántar sa sampla thíos ag pointí 1, 2, 3, 4 i gcás dáileacht talún amháin, agus pointí 5, 6, 7 agus 8 i gcás dáileacht eile.




**Radharc ón aer ar theorainn an tsuímh is ábhar don iarratas i gcás ina bhfuil dhá dháileacht talún nó níos mó nach bhfuil cóngarach dá chéile**

3. I gcás ina bhfuil dáileacht talún nach bhfuil san áireamh san iarratas laistigh go hiomlán nó go páirteach den suíomh is ábhar don iarratas, ba chóir an suíomh is ábhar a léiriú mar pholagán taoschnó. Ba chóir polagán taoschnó a úsáid chun imlíne nó teorainn an tsuímh a thaispeáint agus gach teorainn den suíomh a bheith le feiceáil faoi mar a d'fheicfí é i bpictiúr ón aer. Ba chóir go mbeadh an ímlíne ar aon dul le himeall amuigh agus istigh gach píosa talún atá mar chuid den suíomh is ábhar don iarratas, mar a thaispeántar sa sampla thíos ag pointí 1, 2, 3, 4, 5, 6, 7 agus 8.




**Radharc ón Aer ar Theorainn an tSuímh is Ábhar don Iarratas mar a bhfuil dáileacht talún, nach cuid den iarratas pleanála é, laistigh go hiomlán nó go páirteach den suíomh**

**Gluais**

**Aitreabúidí** – Eolas neamhspásúil i dtaobh gné gheografach i GIS, a stóráiltear i dtábla de ghnáth agus a bhíonn nasctha leis an ngné le haitheantóir uathúil. Mar shampla, d'fhéadfadh ainm, fad agus ualach dríodair ag stáisiún tomhsaireachta a bheith san áireamh in aitreabúidí abhann. (http://support.esri.com/en/knowledgebase/Gisdictionary/term/attribute osclaíodh é an 23/10/15)

**Cruthchomhad ESRI** – Formáid stórála sonraí veicteora chun suíomh, cruth agus aitreabúidí gnéithe geografacha a stóráil. Déantar cruthchomhad a stóráil i sraith comhad gaolmhar agus bíonn aicme ghné amháin ann. (http://support.esri.com/en/knowledgebase/Gisdictionary/term/shapefile osclaíodh é an 23/10/15).

**Réimse** – Is ionann réimse (nó mír) aitreabúide agus airíonna a úsáidtear le cur síos a dhéanamh ar gach gné ar leith i dtacar sonraí geografacha a bhféachtar air de ghnáth mar cholúin i dtábla. (http://gisgeography.com/gis-dictionary-definition-glossary/#F osclaíodh é an 23/10/15).

**Eolas geografach** – seo eolas faoi áiteanna ar dhromchla an Domhain, eolas faoin áit a bhfaighfear rud éigin, eolas faoin méid a gheofar in áit ar leith (GOODCHILD 1997). (http://stats.oecd.org/glossary/detail.asp?ID=6246 osclaíodh é an 23/10/15).

**Bogearraí Faisnéise Geografaí** – Comhpháirt bhogearraí an chórais faisnéise geografaí.

**Córas Faisnéise Geografaí** - seo bailiúchán eagraithe de chrua-earraí agus bogearraí ríomhaire, sonraí geografacha, agus pearsanra a dearadh chun gach cineál faisnéise geografaí tagartha a ghabháil, a stóráil, a nuashonrú, a láimhsiú, a anailísiú agus a thaispeáint go héifeachtach. (http://www.volusia.org/gis/whatsgis.htm osclaíodh é an 23/10/15)

**Mercator Trasteilgin na hÉireann (Irish Transverse Mercator (ITM)**) - Is é Mercator Trasteilgin na hÉireann (Irish Transverse Mercator (ITM)), córas comhordanáidí geografacha na hÉireann. Ba iad Suirbhéireacht Ordanáis na hÉireann agus Suirbhéireacht Ordanáis Thuaisceart Éireann a chuir an córas seo i bhfeidhm le chéile i 2001. Ainmníodh é as an trasteilgean Mercator a úsáideann sé agus de bhrí go bhfuil sé barrfheabhsaithe d'oileán na hÉireann. (https://en.wikipedia.org/wiki/Irish_Transverse_Mercator osclaíodh é an 23/10/15)

**Polagán** - Is ionann polagán agus tacar dúnta ceangailte línte trína sainítear teorainn gheografach a bhfuil achar agus imlíne aici. Samplaí is ea lochanna, foraoisí agus teorainneacha contae. (http://gisgeography.com/gis-dictionary-definition-glossary/#P osclaíodh é an 23/10/15)

**Córas Tagartha Réamh-mheasta Comhordanáidí** - Córas tagartha a úsáidtear chun suíomh x, y agus z de ghnéithe pointe, líne agus achair a aimsiú in dhá thoise nó i dtrí thoise. Sainítear córas réamh-mheasta comhordanáidí le córas comhordanáidí geografacha, teilgean mapa, agus aon pharaiméadair is gá ón teilgean mapa, agus aonad líneach tomhais. (http://support.esri.com/en/knowledgebase/GISDictionary/search osclaíodh é an 23/10/15).

**Sonraí spásúla** - Faisnéis faoi shuíomh agus cruth gnéithe geografacha agus an gaol eatarthu, a stóráiltear de ghnáth mar chomhordanáidí agus toipeolaíocht. (http://support.esri.com/en/knowledgebase/GISDictionary/term/spatial%20data osclaíodh é an 23/10/15).

**END.**